gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Uimhir Charthanais Chláraithe 20083427

Ceanncheathrú Riaracháin, An Coilear Ban, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe H65 AT81

Teileafón: +353 091 874500

Gréasán: www.gretb.ie

Ríomhphost: an t-ainm ar an Ordú Ceannaigh

Seol Sonraisc chuig: **An Suíomh GRETB** a d'eisigh an tOrdú Ceannaigh

Arna Údarú thar ceann
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB)

COINNÍOLLACHA CEANNACHÁIN

1. SAINMHÍNIÚ

Cialaíonn "Ceannaitheoir" Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.
Cialaíonn "Díoltóir" an duine nó an comhlacht ar seoladh an tOrdú chuige.

2. ORDÚ GLACTHACHTA

Nuair a ghlacann an Díoltóir leis an Ordú, is ionann an glacadh sin agus Conradh chun na hearraí nó seirbhísí atá sonraithe a sheachadadh chuig an Díoltóir faoi na téarmaí atá sainithe. Beidh feidhm ag na coinníollacha sin ar gach ordú a leagann an Ceannaitheoir isteach, agus nuair a ghlacann an Díoltóir lena leithéid d'orduithe, beag beann ar aon choinníoll díolcháin a d'fhéadfadh a bheith ag an Díoltóir, is ionann an glacadh sin agus glacadh iomlán leis na coinníollacha thíos i ngach cás.

3. NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE hIMRÉITEACH CÁNACH

(a) Beidh gach nós imeachta ábhartha maidir le himréiteach cánach á fheidhmiú ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

4. BAILÍOCHT

Ní bheidh an Ceannaitheoir dlite as aon ordú ach amháin iad siúd arna n-eisiúint nó arna ndearbhú ar Fhoirmeacha Ordaithe clóite oifigiúla atá sínithe go cuí ag an gCeannaitheoir.

5. SEACHADADH

(a) Déanfaidh an Díoltóir na hearraí a phacáistiú agus a ndaingniú ar bhealach a fhágfaidh go mbainfidh siad a gceann scríbe amach faoi dhea-bhail faoi ghnáthchoinníollacha iompair, agus déanfaidh sé iad a sheachadadh, nó seolfaidh sé iad le haghaidh a seachadta don áit nó do na háiteanna agus ar an gcaoi arna sonrú ar an Ordú, nó arna sonrú ina dhiaidh sin agus iad marcáilte faoi bhráid an duine a bhfuil sé nó sí ag súil leis na hearraí.

(b) Agus an t-ordú a admháil aige, ní mór don Díoltóir a dhearbhú go gcomhlíonfar na dátaí seachadta atá iarrtha, nó ní mór dó a thabhairt le fios go soiléir i ngach cás nach féidir le riachtanais seachadta an Cheannaitheora a chomhlíonadh.

(c) Ní ceadmhach don Díoltóir, faoi chúinse ar bith, na hearraí a thairiscint le haghaidh a seachadta gan Nótaí Faisnéise a bheith faighte roimhe sin, chomh maithe le sonraíochtaí soiléire maidir le pacáistiú.

6. PACÁISTIÚ

Ní ghlacfaidh an Ceannaitheoir le haon táille d'ábhair phacáistithe mura bhfuil siad sonraithe go soiléir ar luachan an Díoltóra. Taispeánfar a leithéid de tháillí ansin ar an Ordú féin.

7. FOCHONRÚ

Ní dhéanfaidh an Díoltóir, gan cead i scríbhinn a fháil ón gCeannaitheoir roimhe ré, an Conradh nó aon chuid den Chonradh a fholigean ach amháin do Chomhlacht atá ina bhall den ghrúpa ina bhfuil an Díoltóir. Ní fhuasclóidh a leithéid de thoiliú an Díoltóir ó aon cheann dá dhualgais faoin gConradh. Ní ghlacfaidh an Ceannaitheoir le haon fhreagracht as dliteanas poiblí ina leithéid de chúinsí.

8. MARCANNA agus UIMHREACHA LOINGIS RÚNDACHT

Ní mór marcanna agus uimhreacha loingis an Cheannaitheora, arna dtaispeáint ar an Ordú, a bheith le feiceáil go soiléir ar gach cás nó cliathbhosca pacála agus ar gach doiciméad a bhaineann leis an seachadadh. Ní mór cloí go follasach leis an treoracha "seol chuig" agus "seol trí".

9. RÚNDACHT

Caithfidh an Díoltóir agus an Ceannaitheoir leis an Ordú, agus le hábhar an Ordaithe, ar bhonn rúnda, agus ní nochtfaidh an Díoltóir, ná aon fhochonraitheoir de chuid an Díoltóra, sonraí an Ordaithe do thríú páirtí ar bith, agus ní bhainfidh an Díoltóir ná aon fhochonraitheoir úsáid as chun críche fógraíochta ná foilseacháin gan cead a bheith faighte roimh ré i scríbhinn ón gCeannaitheoir.

10. LÍNÍOCHTAÍ, PATRÚIN, SONRAÍOCHTAÍ, etc.

(a) Fanfaidh gach líníocht, patrún, sonraíocht, múnla nó uirlisiú arna soláthar ag an gCeannaitheoir, nó arna ullmhú ag an Díoltóir don Cheannaitheoir ar chostas an Cheannaitheora amháin, ina mhaoin de chuid an Cheannaitheora.

(b) Ní bhainfidh an Díoltóir úsáid as agus ní thabharfaidh sé údarás ná cead d'aon duine eile úsáid a bhaint as a leithéid d'earraí, chun aon chríoch eile, ná i ndáil le haon chríoch eile, ach amháin soláthar na n-earraí don Cheannaitheoir mura bhfuil a leithéid d'úsáid údaraithe i scríbhinn go sainráite ag an gCeannaitheoir.

(c) Coinneoidh an Díoltóir a leithéid d'earraí i ndea-bhail agus i ndea-riocht agus, ach an conradh a bheith comhlíonta nó de réir mar a ordóidh an Ceannaitheoir, tabharfaidh sé ar ais don Cheannaitheoir iad i ndea-bhail agus i ndea-riocht.

11. PRAGHSANNA

(a) Ní bheidh praghas an Díoltóra níos airde ná an praghas deireanach a bhí ar an luachan nó a baineadh den Cheannaitheoir nó a chomhlachtaí cleamhnaithe mura n-aontaítear roimh ré i scríbhinn é. Ní mór sonraisc a chur ar fáil le gach lastas faoin Ordú seo ar lá a sheolta. Mura bhfaighfear sonraisc go pras, d'fhéadfaí iad a sheoladh ar ais le go gcuirfí an dáta ceart orthu. Má dhíolann an Díoltóir aon earra sula gcríochnaíonn sé an fheidhmíocht arna sonrú thíos, nó má chuireann sé aon seirbhís ar fáil den chineál nó den tsonraíocht chéanna arna chlúdú ag an Ordú seo d'aon chustaméir eile ar phraghas atá níos ísle don líon céanna nó do líon níos lú earraí nó do sheirbhísi inchomparáide ná an praghas atá in éifeacht thíos faoi seo, laghdófar an praghas don GRETB ansin go dtí an praghas níos ísle sin.

(b) Ní mór gan an tOrdú seo a líonadh i gcainníochtaí níos mó ná ag praghsanna níos airde ná iad siúd ar thángthas ar chomhaontú orthu gan cead i scríbhinn a bheith faighte roimh ré ó ionadaí údaraithe de chuid an Cheannaitheora. Mura bhfuil an praghas ar taispeáint ar an ordú, aontaítear go soláthróidh an Díoltóir na hearraí nó na seirbhísí ag praghas nach bhfuil níos airde ná an ceann a bhí ann an uair deireanach ar ceannaíodh iad mura bhfuil a mhalairt curtha in iúl go sainráite ag an gCeannaitheoir. Sa chás nach líontar an t-ordú seo mar a sonraíodh go cruinn é, coimeádann an Ceannaitheoir an ceart dó féin ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a ghlacadh:
   (i) An t-ordú a chur ar ceal.
   (ii) Gach caillteanas, damáiste agus costais arb é a leithéid de mhainneachtain is cúis leo a aisghabháil.
   (iii) A éileamh go seachadfar na hearraí ar bhealach ar bith, agus aon chostas iompair níos airde le híoc ag an Díoltóir.

(c) AIRGEADRA – Measfar an conradh seo a bheith ainmnithe in Euro mura n-abrófar a mhalairt go soiléir ar an Ordú i bhfocail agus i bhfigiúir.

(d) Coimeádann an Ceannaitheoir an ceart dó féin Coinneáil a choinneáil siar.

12. CEALÚ

Coimeádann an Ceannaitheoir an ceart dó féin an t-ordú seo, nó aon chuid den ordú seo, a chealú agus beidh an Ceannaitheoir i dteideal, in aon chás, aon chostas a bhaint ón bpraghas a aontaíodh arb é is cúis leis:

(a) Gan na hábhair nó na hearraí a bhí le soláthar a bheith faighte, nó an obair a bhí le déanamh a bheith críochnaithe, laistigh de 2 mhí den Ordú, murar thángthas ar comhaontú eile i ndáil leis, nó

(b) Gan na hábhair nó na hearraí a soláthraíodh, nó an obair a rinneadh, a bheith ag comhlíonadh go docht leis an gcur síos, an tsonraíocht nó na líníochtaí a bhain leis, nó

(c) Gan an t-ábhar nó an tsaoirseacht a bheith fónta ar gach bealach nó gan a bheith ag an gcaighdeán a sonraíodh nó gan a bheith in ann teacht trí chigireacht de réir mar a éileoidh an Ceannaitheoir no custaiméirí an Cheannaitheora é.

13. DAMÁISTE nó CAILLTEANAS FAOI BHEALACH

Deiseoidh an Díoltóir, in aisce, earraí a ndéantar damáiste dóibh nó a chaillteart agus iad faoi bhealach, nó déanfaidh sé iad a athsholáthar, ar an gcoinníoll go dtugann Ceannaitheoir fógra i scríbhinn don Díoltóir maidir lena leithéid de dhamáiste nó caillteanas laistigh de cibé tréimhse ama a chuirfidh ar chumas an Díoltóra comhlíonadh le coinníollacha carraeireachta an iompróra de réir mar bhaineann siad le caillteanas nó le damáiste faoi bhealach nó nuair a dhéantar an seachadadh trí chóras iompair an Díoltóra féin laistigh de thréimhse ama réasúnta.

14. CIGIREACHT I RITH MONARAÍOCHTA

(a) Beidh cead ag an gCeannaitheoir agus ag a ionadaithe dul isteach, ag gach am réasúnach, go dtí gach cuid d'áitreabh an Díoltóra (nó a fhochonraitheoirí) chun críche cigireacht a dhéanamh ar na hearraí nó iad i rith chéim na monaraíochta, na próiseála nó na stórála le fáil amach an bhfuil na hearraí á gcur ar fáil de réir théarmaí an Ordaithe. Déanfar a leithéid de chigireachtaí agus tástálacha ar bhealach nach gcuirfidh isteach ach amháin mar is gá ar oibríochtaí an Díoltóra maidir le monarú, próiseáil nó stóráil na n-earraí.

(b) Má tharlaíonn sé, mar thoradh ar aon chigireacht no tástáil faoi fho-chlásal (a) thuas, go bhfuil an Ceannaitheoir den tuairim réasúnta nach bhfuil na hearraí ag comhlíonadh le téarmaí an Ordaithe, nó nach mbeidh, cuirfidh an Ceannaitheoir an Díoltóir ar an eolas i scríbhinn maidir leis sin agus glacfaidh an Díoltóir lena leithéid de chéimeanna is a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun a leithéid de chomhlíonadh a chinntiú.

(c) Ní fhágfaidh aon chigireacht arna déanamh ag an gCeannaitheoir go bhfuasclófar an Díoltóir ó chomhlíonadh le haon cheann de na sonraíochtaí, comhaontuithe nó urrúis, nó ó gach ceann acu, bídis sainráite nó intuigthe.

(d) Ní mheasfar mainneachtain an Cheannaitheora cigireacht a dhéanamh faoi choinníollacha an chlásail seo go bhfuil an Ceannaitheoir ag tarscaoileadh lena cheart cigireacht a dhéanamh ina dhiaidh sin, nó in áit éigin eile.

15. DIÚLTÚ

(a) D'fhéadfadh an Ceannaitheoir, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Díoltóir, diúltú roimh na hearraí má theipeann ar an Díoltóir comhlíonadh leis an ordú maidir le caighdeán, cainníocht na n-earraí ar an ordú, nó an cur síos atá déanta orthu. Bheadh a leithéid de dhiúltú i scríbhinn le déanamh ag an gCeannaitheoir laistigh de 14 lá den seachadadh mura bhfuil tréimhse ama eile socraithe idir an dá pháirtí.

(b) Agus an fógra diúltaithe á thabhairt ag an gCeannaitheoir, sonróidh sé na cúiseanna atá leis an diúltú agus ina dhiaidh sin seolfaidh sé na hearraí atá diúltaithe ar ais chuig an Díoltóir faoi riosca agus ar chostas an Díoltóra. Ina leithéid de chás, déanfaidh an Díoltóir a leithéid d'earraí diúltaithe a athsholáthar, laistigh de thréimhse réasúnta, le hearraí atá ag teacht ar gach bealach leis an gConradh.

(c) Maidir le haon airgead atá íoctha ag an gCeannaitheoir leis an Díoltóir i ndáil le haon earraí ar diúltaíodh rompu agus nár athsholáthar an Díoltóir iad laistigh de thréimhse ama réasúnta, mar aon le haon chaiteachas breise eile sa bhreis ar an bPraghas Conartha a thabhaigh an Ceannaitheoir go réasúnta agus é ag fáil earraí eile ina n-áit, íocfaidh an Díoltóir an t-airgead sin leis an gCeannaitheoir.

16. CUNTASAÍOCHT

(a) Tá sonraisc le seoladh chuig gach suíomh GRETB ar leith agus ní mór dóibh a bheith faighte laistigh de thrí (3) lá oibre d'aon earra a bheith seachadta nó aon seirbhís a bheith curtha ar fáil. Ní mór Uimhir ár nOrdú Ceannaigh a bheith tugtha le fios go soiléir ar gach Sonrasc, mar aon le d'Uimhir Fógra féin agus d'Uimhir Clarúcháin CBL.

(b) Ba cheart Ráiteas Cuntais a chur ar fáil gach mí.

(c) Ní mór Uimhir Chód Tráchtearra a bheith ar gach sonrasc d'earraí arna gceannach lasmuigh den Stát.

17. EADRÁIN

Déanfar gach díospóid, easaontas agus ceist a thiocfaidh chun cinn ag am ar bith idir na páirtithe maidir le dréachtú an Chonartha nó aon ní nó saincheist a éiríonn as an gConradh nó atá bainteach ar bhealach ar bith leis faoi bhráid eadráin eadránaí amháin. Tiocfaidh na páirtithe ar chomhaontú maidir leis an eadránaí sin nó, mura bhfuil sé indéanta teacht ar a leithéid de chomhaontú, déanfaidh Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin an t-eadránaí sin a cheapadh ar iarratas ó cheachtar den dá pháirtí.

18. DLÍ AN CHONARTHA

Ní mór an tOrdú idir an Ceannaitheoir agus an Díoltóir a fhorléiriú, agus an gaol idir na páirtithe a chinneadh, de réir dhlíthe Phoblacht na hÉireann agus beidh siad faoi réir dhlínse Chúirteanna na hÉireann.

19. FÓGRA D'FHOCHONRAITHEOIRÍ

Ní mór d'fhochonraitheoirí doiciméadúchán maidir le hImréiteach Cánach a chur i láthair ag tús gach bliain airgeadais nua, nó ar chonradh a bheith bronnta orthu.

20. ÁRACHAS & SLÁNAÍOCHT

Sa chás go bhfuil aon obair nó seirbhísí le déanamh nó le cur ar fáil ag an Díoltóir seachas ag Áitreabh an Díoltóra, déanfaidh an Díoltóir árachas Dliteanas Fostóra agus Rioscaí Tríú Páirtí a thógáil amach, lena n-áirítear Rioscaí Dóiteáin Tríú Páirtí a éiríonn as nó i ndáil le forghníomhú a leithéid d'obair agus ar a leithéid de sheirbhísí a bheith curtha ar fáil agus taispeánfaidh sé polasaithe a leithéid d'árachais don Cheannaitheoir mar aon leis na fáltais do phréimheanna sa chás go n-iarrtar iad. Sa chás go dteipeann ar an Díoltóir a leithéid d'árachais a bhaint amach, beidh sé de chead ag an gCeannaitheoir árachas a bhaint amach thar ceann an Díoltóra agus méid aon phréimhe a íocfaidh an Ceannaitheoir a bhaint ó aon mhéid atá le híoc leis an Díoltóir faoin gConradh. Anuas air sin, déanfaidh an Díoltóir an Ceannaitheoir a shlánú agus dóthain árachais a bhaint amach i gcoinne gach éileamh agus costas i ndáil le haon ghortú, caillteanas nó damáiste arna dhéanamh do dhaoine nó do réadmhaoin arb é is cúis leis an obair nó na seirbhísí atá á ndéanamh ag an Díoltóir nó forghníomhú na hoibre sin nó a fhir oibre. Coinníoll den Chonradh is ea é go gcuirfidh fostaithe, searbhóntaí agus gníomhairí an Díoltóra iad féin ar an eolas maidir leis na réamhchúraim agus na rialacháin dóiteáin atá ann ag suíomh ar bith a bhfuil obair ar siúl ann nó a bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil ann, agus go gcomhlíonfaidh siad leo.